C/2025/6565

8.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6565)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Monterrei'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A1114-AM03 - 12.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Monterrei'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**:

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia, Ard-Stiúrthóireacht an Bhia, Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus Saotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge ATFC 'Monterrei'; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach, níl an méid seo a leanas i gceist leis: athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; an baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; srianta breise ar mhargú an táirge.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

FÍONTA ROSÉ A THABHAIRT ISTEACH

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Tugadh fíonta rosé isteach faoi chatagóir 1, an t-aon chatagóir a chumhdaítear leis an ATFC seo. Dá réir sin, tugadh tuairisc ar a saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha, socraíodh ceanglais táirgthe áirithe (ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a bheith de chineál dearg; ní mór aon mheascadh fíonchaor de dhath difriúil a dhéanamh tar éis an tseachadta nó na meá) agus leagadh an táirgeacht táirgthe síos. Cuireadh tagairt d'fhíon rosé leis an nasc ach níl baol ann go gcuirfí ar neamhní é.

Leasaíodh pointí 2, 3, 5 agus 7.2 den tsonraíocht táirge agus pointí 6 agus 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRUITHE AR THEORAINNEACHA ANAILÍSEACHA

Tuairisc

Méadaíodh uasteorainn sulfair na bhfíonta geala ó 160 mg/l go 200 mg/l.

Laghdaíodh aigéadacht iomlán íosta na bhfíonta dearga ó 4,5 g/l go 4 g/l.

Tugadh an tagairt don reachtaíocht lena dtugtar tuairisc ar fhíonta 'tirime', an t-aon chineál a chumhdaítear leis an ATFC, cothrom le dáta. Chomh maith leis sin, ar mhaithe le soiléireacht, cuireadh abairt isteach ina luaitear, i gcás paraiméadair anailíseacha nach luaitear sa tsonraíocht táirge, go bhfuil feidhm ag na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht ghinearálta.

Leasaíodh pointe 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

BAINT AN tSRIAIN A BHAINEANN LEIS NA CINEÁLACHA A ÚSÁIDTEAR

Tuairisc

Baineadh an t-idirdhealú idir cineálacha 'tosaíochta' agus 'údaraithe'. Baintear leis sin freisin an ceanglas ar dá réir nach mór méid nach lú ná 60 % de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh a bheith de na cineálacha tosaíochta. Scriosadh an fhoclaíocht ábhartha, a bhí faoin nasc leis an limistéar geografach. Ní baol ar bhealach ar bith go gcuirfí an nasc ar neamhní.

Leasaíodh pointí 3, 6 agus 7.1 den tsonraíocht táirge agus pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

SRIANTA EILE A BHAINT

Tuairisc

Scriosadh an méid seo a leanas:

— Toirmisctear sliseanna darach a úsáid i dtáirgeadh agus i bpróiseáil fíonta atá faoi chosaint an ainmniúcháin ina dhiaidh sin, lena n-áirítear iad a stóráil.

— Féadfar úrfhíonta nó fíonta ó bhuaint ar leith a chumasc le fíonta ó bhuaint níos luaithe suas le teorainn 15 % chun a saintréithe a cheartú. I gcás eisceachtúil, is féidir cumasc le dhá bhuaint roimhe sin a údarú suas go dtí an teorainn chéanna 15 %, faoi réir tuarascáil ar cháilíocht táirge.

Leasaíodh pointe 3 den tsonraíocht agus pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

SÍNEADH LEIS AN LIMISTÉAR CRÍOCHAITHE

Tuairisc

Leathnaíodh an limistéar geografach sainithe, gan difear a dhéanamh don nasc, chun paróistí áirithe a bhfuil teorainn acu leis an limistéar atá ann faoi láthair a chur san áireamh. Go sonrach, leathnaíodh é chun roinnt paróistí de bhardais Monterrei, Cualedro agus Laza a chur san áireamh. Chomh maith leis sin, tá roinnt paróistí de bhardas Ríos, nach raibh san áireamh ach go páirteach roimhe seo, san áireamh ina n-iomláine anois. Tá saintréithe aeráide agus ithreach ag an limistéar breise réasúnta beag sin atá cosúil leo siúd atá sa limistéar geografach atá sainithe faoi láthair.

Leasaíodh pointe 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 9 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRUITHE AR THÁIRGEACHTAÍ TÁIRGTHE

Tuairisc

Baineadh an difríocht sa táirgeacht idir cineálacha tosaíochta agus cineálacha údaraithe toisc nach bhfuil feidhm ag an idirdhealú sin a thuilleadh, agus rinneadh athruithe ar na teorainneacha táirgeachta in aghaidh an heicteáir de réir dhath na bhfíonchaor.

Leasaíodh pointe 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 7.2 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRÚ A BHAINEANN LEIS NA CINEÁLACHA FÍNIÚNA

Tuairisc

Baineadh an t-idirdhealú idir cineálacha tosaíochta agus údaraithe.

Sonraíodh gurb é Araúxa an t-ainm áitiúil ar Tempranillo; dá bhrí sin, liostaítear é mar théarma comhchiallach cé nach n-aithnítear go hoifigiúil é.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht táirge; ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

CEANGLAIS EILE

Tuairisc

Scriosadh an fhoclaíocht lena sonraítear go bhféadfaí na teorainneacha táirgeachta fíonchaor in aghaidh an heicteáir a leasú i mblianta áirithe.

Leasaíodh pointe 8 den tsonraíocht táirge; ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

FEABHSUITHE DRÉACHTAITHE

Tuairisc

Tugadh tagairtí don reachtaíocht, don téarmaíocht a úsáidtear agus do shonraí teagmhála an chomhlachta rialúcháin tarmligthe cothrom le dáta.

Leasaíodh pointí 8 agus 9 den tsonraíocht táirge; ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Monterrei'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A1114-AM03 - 12.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Monterrei'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan agus geal. Ar dhath a bhíonn idir buí éadrom agus buí órga.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaíocha na gcineálacha úlloird nó torthaí trópaiceacha.

Blas

Blasanna torthaíocha na gcineálacha úlloird nó torthaí trópaiceacha. Cothromaíocht mhaith idir alcól agus aigéadacht. Idir iarbhlas meánach agus iarbhlas marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	12,5
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge finiúna

Fíon dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Déine datha atá glé agus lonrach, idir measartha agus ard. Idir dearg corcairghorm agus dearg donn.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaíocha de na cineálacha torthaí dearga nó torthaí dubha.

Blas

Blasanna torthaíocha na gcineálacha torthaí dearga nó torthaí dubha. Cothromaíocht mhaith idir alcól agus aigéadacht. Idir iarbhlas meánach agus iarbhlas marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge finiúna

Fíon Rosé

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Déine datha atá glé agus lonrach, idir íseal agus meánach. Dath idir dearg éadrom agus caordhearg.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaíocha de na cineálacha torthaí dearga nó torthaí dubha.

Blas

Blasanna torthaíocha na gcineálacha torthaí dearga nó torthaí dubha. Cothromaíocht mhaith idir alcól agus aigéadacht. Idir iarbhlas meánach agus iarbhlas marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta geala Barrica, Crianza, Reserva agus Gran Reserva

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan agus geal. Ar dhath a bhíonn idir buí éadrom agus buí órga.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaíocha na gcineálacha úlloird nó torthaí trópaiceacha. Ní mór dea-bholaithe spíosracha nó tóstáilte a bheith ann freisin.

Blas

Blasanna torthaíocha na gcineálacha úlloird nó torthaí trópaiceacha. Ní mór blasanna spíosracha nó tóstáilte a bheith ann freisin. Cothromaíocht mhaith idir alcól agus aigéadacht. Idir iarbhlas meánach agus iarbhlas marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	200

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta dearga Barrica, Crianza, Reserva agus Gran Reserva

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Déine datha atá glé agus lonrach, idir measartha agus ard. Idir dearg corcairghorm agus dearg donn.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe torthaíocha de na cineálacha torthaí dearga nó torthaí dubha. Ní mór dea-bholaithe spíosracha nó tóstáilte a bheith ann freisin.

Blas

Blasanna torthaíocha na gcineálacha torthaí dearga nó torthaí dubha. Ní mór blasanna spíosracha nó tóstáilte a bheith ann freisin. Cothromaíocht mhaith idir alcól agus aigéadacht. Idir iarbhlas meánach agus iarbhlas marthanach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtais fhíoneolaíocha

-

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta rosé a dhéanamh a bheith de chineál dearg. Má úsáidtear cineálacha fíonchaor geal freisin, ní mór na fíonchaora a mheascadh tar éis iad a sheachadadh nó a mheá.

Ní fhéadfaidh an táirgeacht úsctha a bheith níos mó ná 74 lítear fíona in aghaidh 100 kg fíonchaor.

Ní cheadaítear fáisceáin leanúnacha a úsáid. Tá toirmeasc ar bhrúiteoirí lártheifeacha ardluais a úsáid. Ní cheadaítear cleachtais lena ndéantar na fíonchaora a réamhthéamh nó na húrfhíonta nó na fíonta a théamh i láthair an mhairc.

Cleachtais fhíoneolaíocha

-

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Níor cheart an dlús plandaithe a bheith níos lú ná 3 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir agus níor cheart níos mó ná 5 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir a bheith ann.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor geal

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	13 200
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor geal

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	97,68
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor dearg

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	10 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíonchaor dearg

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht	74
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— ALBARIÑO

— BLANCA DE MONTERREI

— CAÍÑO BLANCO

— CAÍÑO TINTO

— DOÑA BLANCA / DONA BRANCA

— GODELLO

— LOUREIRA

— MENCÍA

— MERENZAO

— SOUSÓN

— TEMPRANILLO

— TREIXADURA

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Tá an limistéar críochaithe roinnte ina dhá fholimistéar:

— Fo-limistéar ghleann Monterrei: paróistí Castrelo do Val, Pepín agus Nocedo do Val i mbardas Castrelo do Val; paróistí Albarellos, Infesta, Monterrei agus Vilaza i mbardas Monterrei; paróistí Oímbra, Rabal agus San Cibrao i mbardas Oímbra agus paróistí Abedes, Cabreiroá, Feces de Abaixo, Feces de Cima, Mandín, Mourazos, Pazos, Queizás, A Rasela, Tamagos, Tamaguelos, Tintores, Verín agus Vilamaior do Val i mbardas Verín.

— Folimistéar Ladera de Monterrei: bardas Vilardevós, paróistí Gondulfes agus Servoi i mbardas Castrelo do Val; paróistí As Chas, Bousés, Videferre agus A Granxa i mbardas Oímbra; paróistí Estevesiños, Flariz, A Madalena, Medeiros, Rebordondo, San Cristovo agus Vences i mbardas Monterrei; paróiste Queirugás i mbardas Verín; paróistí Castrelo de Abaixo, Castrelo de Cima, Fumaces e A Trepa, Progo agus Riós i mbardas de Riós, paróistí San Millao, Montes, Rebordondo agus A Xironda i mbardas Cualedro agus paróistí Matamá y Retorta i mbardas de Laza.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Is í an aeráid, a bhfuil báisteach íseal agus teochtaí arda ag baint léi le linn an tsamhraidh agus éagsúlachtaí teochtaí arda idir an lá agus an oíche le linn an aibithe, is fearr is féidir na cineálacha fíniúna a úsáidtear a fhás, ar cineálacha dúchasacha iad den chuid is mó a roghnaítear i gcaitheamh na mblianta. Maidir le rogha na talún is fearr agus úsáid teicnící fáis atá oiriúnaithe do na cineálacha agus don limistéar, go háirithe na córais oiliúna agus prúnála a úsáidtear chun a áirithiú go ndéanfar seiceáil chuí ar acmhainneacht táirgthe fíona, bíonn tionchar acu freisin ar shaintréithe na bhfíonta, i dtéarmaí a ndea-bholaithe bláthacha agus torthaíocha agus a mblas cothrom.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Ceannteideal an cheanglais/maolaithe

BUIDÉALÚ

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Buidéalú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór na fíonta a bhuidéalú sa limistéar geografach sainithe. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh iompar agus buidéalú an fhíona lasmuigh den limistéar fíonóireachta a cháilíocht i mbaol, mar gheall go bhféadfadh ocsaídiúcháin agus dí-ocsaídiúcháin, éagsúlacht teochta agus tionchair eile difear a dhéanamh dó. Dá fhaide a thaistealaíonn an fíon, is ea is mó an riosca. Trí bhuidéalú a dhéanamh sa limistéar tionscnaimh is féidir saintréithe agus cáilíocht an fhíona a chaomhnú. Mar gheall air sin, in éineacht leis an taithí agus an t-eolas domhain ar cháilíochtaí ar leith na bhfíonta, arna gcur le chéile thar na blianta ag fíonlanna an ainmniúcháin tionscnaimh Monterrei, is gá na fíonta a chur i mbuidéil sa limistéar tionscnaimh, ag caomhnú a dtréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha go léir.

Ceannteideal an cheanglais / maolaithe

BUIDÉALÚ

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór an t-ainm ainmniúcháin a bheith ar an lipéadú, i litreacha 4 mm ar airde ar a laghad.

Ní mór an t-ainm branda ábhartha a léiriú freisin.

Ní mór séala nó lipéad uimhrithe atá le soláthar ag an mBord Rialála a bheith ar an bpacáistíocht a úsáidtear le haghaidh gach táirge atá beartaithe lena thomhailt. Ní mór lógó an ainmniúcháin tionscnaimh a bheith ar an lipéad sin.

Féadfar an téarma 'barrica' ('aosaithe i mbairillí') a bheith ar lipéadú fíonta a bhfuil an t-ainmniúcháin tionscnaimh sin orthu, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais ábhartha sa reachtaíocht náisiúnta atá ann faoi láthair.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://agacal.xunta.gal/sites/default/files/calidade-alimentaria/vinos/Pliego-condiciones-DOP-Monterrei-julio-2025_ES.pdf